OÉ Gaillimh
NUI Galway

STRAITÉIS NA LEABHARLAINNE

An tAistear i dtreo 2020

Réamhrá

Tá an Leabharlann suite i lár champas na hOllscoile agus tá sé riachtanach i dtéarmaí spriocanna straitéis na hOllscoile go dtí 2020 a bhaint amach. Leagann an cháipéis seo amach treo d'aistear spreagúil ina gcuirfidh an Leabharlann le léann na hOllscoile trí fhoireann oilte, bailiúcháin shaibhre, spásanna foghlama cruthaithí agus modhanna comhtháite fionnachtana agus foilseacháin. Beidh an clár oibre dinimiciúil seo ríthábhachtach chun cur ar chumas OÉ Gaillimh an fhoireann agus na mic léinn is fearr a mhealladh, a choinneáil agus a spreagadh agus chun tionchar sainiúil domhanda a chur chun cinn. Tiocfaidh sé chun cinn trí na deiseanna atá curtha ar fáil ag an réabhlóid dhigiteach leanúnach a thapú mar aon le tiomantas leantach don am atá caite a chaomhnú. Meascán láidir de luachanna nua agus de sheanluachanna a bheidh mar thoradh air seo.

Tá dlúthcheangal idir straitéisí na hOllscoile agus na Leabharlainne agus tá siad chomh huaillmhianach lena chéile. Tugann an péire acu aghaidh gan fuacht gan faitíos ar na dúshláin agus ar na deacrachtaí a bhí le sárú le roinnt blianta anuas. Leathnaíonn clár oibre nua na Leabharlainne a rannpháirtíocht le pobal na hOllscoile agus le pobail áitiúla, réigiúnacha agus dhomhanda. I gcásanna ar leith ciallóidh sé seo gnáthrudaí a dhéanamh ar bhealaí difriúla, agus i gcásanna eile éileofar bealaí nua ar fad. Tá rudaí nua i gceist chomh maith, mar shampla Cúinne na Cruthaitheachta mar shiombail ar conas a éascóidh foirgneamh athraithe na Leabharlainne foirmeacha nua den fhoghlaim chruthaitheach, rannpháirteach agus ghníomhach.

Téama coitianta ar na leathanaigh seo is ea go bhfuil an Leabharlann ag iarraidh freastal ar a cuid pobal ar fad. Tá tóir ar chomhpháirtíocht agus ar chomhoibriú ar bhonn cothrom agus muiníneach chun go n-éireoidh go maith leis an Ollscoil agus leis na daoine ar fad a bhaineann léi. Tá béim chomh maith ar dhifríocht a dhéanamh i saol ár gcuid mac léinn, ní hamháin i dtéarmaí éachtaí acadúla ach chomh maith leis sin áit shuáilceach pobail agus roinnte a chur ar fáil do gach disciplín. Is léir chomh maith go bhfuil tábhacht ag baint le rannpháirtíocht sheachtrach, agus béim go minic ar oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn nó ar acmhainní a roinnt.

Is minic go mbíonn sé deacair uaillmhianta don todhchaí a bhaint amach, ach má léann tú an cháipéis seo, beidh muinín agat go mbainfear amach na huaillmhianta atá leagtha amach inti. Tá an mhuinín seo bunaithe ar scileanna, taithí, dúthracht agus sárchaighdeán iomlán fhoireann na Leabharlainne atá tagtha le chéile chun fís don Leabharlann in 2020 a chruthú agus úinéireacht a ghlacadh uirthi. Níos mó ná sin tá róil nua glactha ag na comhaltaí agus tá buíonta nua bunaithe acu chun an fhís seo a bhaint amach. Is mór againn iad ar fad. Bhí sé ráite go maith ag Timothy Healy, iar-Uachtarán Leabharlann Phoiblí Nua-Eabhrac nuair a dúirt sé "The most important asset of any library goes home at night – the library staff".

An tOllamh Pól Ó Dochartaigh
An Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid

An tAistear i dtreo 2020

Mairimid i ré shuimiúil. Le roinnt blianta anuas, tá athrú suntasach tagtha ar an gcaoi a gcruthaítear, a stóráiltear, a roinntear eolas agus tá luas faoin athrú sin i gcónaí.

Tá sé éasca teacht ar eolas, áit ar bith agus ag am ar bith. Cuireann teicneolaíocht deiseanna nua ar fáil dúinn mar aon le leibhéal neamhspleáchais. Tá neart eolais ar fáil anois le hais an easpa eolais a bhíodh ann roimhe seo. Tarlaíonn an fhoghlaim i suíomhanna go leor, neamhfhoirmiúil agus foirmiúil araon. Tá an léann i bhfad níos ildisciplíní agus níos idirdhisciplíní. Thar aon ní eile, mairimid i sochaí dhomhanda áit a mbíonn tionchar ag ár ngníomhaíochtaí lasmuigh dár dteorainneacha áitiúla féin.

De bharr na n-athruithe seo tá an chaoi a bhfeidhmíonn ollscoileanna agus leabharlanna athraithe ó bhonn, agus tá riachtanais agus ionchais nua cruthaithe acu chomh maith. Tá leabharlanna in iomaíocht sa domhan digiteach. Tá daoine níos neamhspleáiche agus féadfaidh siad teacht ar eolas lasmuigh de leabharlanna. Bíonn siad ag súil le rudaí difriúla nuair a thugann siad cuairt ar leabharlanna, bíonn siad ag cuardach áiteanna le comhoibriú le chéile, le labhairt agus le bheith cruthaitheach nó áit le freastal ar ócáidí agus ar thaispeántais. Baintear níos mó úsáide as córais féinseirbhíse d'idirbheartaíochtaí agus bíonn idirghníomhaíocht le foireann leabharlainne bunaithe níos mó ar riachtanais nua atá i bhfad níos casta. Tarlaíonn sé seo mar go bhfuil dúshláin mar aon le deiseanna tagtha chun cinn mar gheall ar an timpeallacht dhigiteach, agus i ngeall air sin tá róil nua ag leabharlanna, chomh maith le gné luachmhar an leanúnachais.

Ó thús a ré tá aitheantas agus freagra tugtha ag Leabharlann OÉ Gaillimh ar an iliomad dúshlán nua di féin agus dá húsáideoirí. Le déanaí, mar shampla, chabhraíomar lenár n-úsáideoirí aghaidh a thabhairt ar rólódáil eolais trí scileanna eolais a mhúineadh dóibh. Tá tacaíocht teicneolaíochta leathnaithe againn ag Deasc Freastail na Leabharlainne agus IT, tá limistéir nua don ghrúpstaidéar cruthaithe againn do chomhoibriú agus cúinne na cruthaitheachta don chruthaitheacht dhigiteach. Tá rochtain curtha ar fáil ag an Leabharlann ar bhailiúchán ollmhór ar líne d'irisí agus de leabhair mar aon le cartlanna agus bailiúcháin speisialta, agus tá an tionscadal digitithe cartlainne amharclannaíochta is mó ar domhan tugtha chun críche acu chun Cartlann Dhigiteach Amharclann na Mainistreach a chruthú. Táimid tar éis dul in oiriúint ar bhealach solúbtha agus dúthrachtach chun freastal ar riachtanais an lae inniu.

Tá an cháipéis straitéise seo dírithe ar dhúshláin agus ar ionchais an lae amárach. Bunaithe ar chomhairliúchán le pobal an champais tá fís forbartha againn don Leabharlann in 2020 a thagann le straitéis na hOllscoile agus a aithníonn sé thosaíocht:

- Áit ar leith don rannpháirtíocht acadúil
- Rochtain ar bhailiúcháin iontacha agus ábhartha
- Nascacht trí chomhpháirtíocht, cumarsáid agus pobal
- Céimithe a smaoiníonn go criticiúil agus a bhfuil scileanna acadúla fadsaoil acu
- Foilsiú ardtionchair ar thaighde, ar shonraí agus ar ábhar digiteach
- Sainfhoireann atá oilte chun cabhair a thabhairt ar an láthair nó ar líne

Tá sé mar fhís againn go bhfeidhmeoidh an Leabharlann mar ghorlann OÉ Gaillimh d'fhionnachtain, roinnt agus foilsiú eolais léannta agus go mbeidh sí ina hinspreagadh don rathúlacht. Tá sé mar uaillmhian againn luach nua a thabhairt chun cinn i gcomhpháirt le pobal na hOllscoile agus le comhoibrithe seachtracha. Idir seo agus 2020 déanfaimid iarracht agus glacfaimid deiseanna chun foirgneamh na Leabharlainne a athrú, ár mbailiúcháin a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na gclár acadúil, cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leat agus do chuid riachtanas a thuiscint, na cláir scileanna faisnéise atá againn a leathnú agus a mhéadú, agus bailiúcháin dhigiteacha a chruthú do thaighde nuálaíoch agus rochtain dhomhanda.

Beidh timpeallacht foghlama níos dinimiciúla romhat, agus bealaí níos simplí le teacht ar an eolas a theastaíonn uait i ngach formáid, rochtain ar bhailiúcháin luachmhara chartlainne agus speisialta, taispeántais spreagúla agus ócáidí cultúrtha, uirlisí breise chun eolas a fháil agus a bhainistiú, agus comhpháirtíochtaí foilsitheoireachta digiteacha nua. Oibreoidh foireann na Leabharlainne leat chun é seo ar fad a thabhairt i gcrích. Tá tiomantas roinnte d'fhís na Leabharlainne curtha ar an bhfód againn agus forbróimid ár scileanna agus ár saineolas chun freastal ar do chuid riachtanas agus iad i mbun forbartha. Cinnteoimid leanúnachas inár gcur chuige chomh maith. Cuireann ár bhfís luachanna Leabharlainne seanbhunaithe chun cinn, mar shampla caighdeán, tuiscint, éisteacht agus fáiltiú a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag gach a dhéanfaimid.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin aistear i dtreo 2020, léigh leat anseo agus bain sult as!

John Cox

Leabharlannaí na hOllscoile

Áit ar leith a chruthú don Rannpháirtíocht Acadúil

An Fhís do 2020

Is é foirgneamh na Leabharlainne croílár na gníomhaíochta léinn ar an gcampas, áit a mbeidh tú mar chuid lárnach de phobal na hOllscoile. Beidh tú in ann tairbhe a bhaint as spásanna solúbtha, cumasaithe don teicneolaíocht, atá deartha chun freastal ar chineálacha éagsúla foghlama, foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, aonair agus grúpa. Cuireann an foirgneamh deiseanna ar fáil chun smacht agus freagracht a ghlacadh as do chuid foghlama féin, agus teacht agat go héasca ar fhoireann tacaíochta. Tá spásanna ar fáil do rochtain, fionnachtain agus cruthú eolais agus áiteanna cosúil le zóin do phóstaeir nó do thaispeántais dhigiteacha inar féidir leat do chuid oibre a roinnt agus a chur chun cinn.

Baineann leagan amach iomasach, úsáideoir-bhunaithe an úsáid is fearr as na bailiúcháin agus as na seirbhísí. Cuireann na spásanna neamhfhoirmiúla chun scíth a ligean, an t-idirghníomhú sóisialta agus breathnú ar thaispeántais dhigiteacha leis an meon pobail atá san áit. Tá an bhéim tríd síos ar chompord.

AN CLÁR OIBRE

Bíonn borradh faoi fhoghlaim, taighde agus cruthú eolais nuair a bhíonn na spásanna cearta ar fáil agus is áit thábhachtach don rannpháirtíocht acadúil ar an gcampas é foirgneamh na Leabharlainne, áit a dtagann milliún duine isteach trí na doirse gach bliain. Tá sé mar aidhm ag straitéis na hOllscoile go dtí 2020 plean a fhorbairt chun na foirgnimh reatha a athnuachan. Deir sé "Áireoidh an plean seo an t-athrú a dhéanfar ar fhoirgneamh Leabharlann Uí Argadáin go mbeidh sé ina thimpeallacht foghlama dhinimiciúil, a léiríonn cultúr an chruthaithe eolais in ollscoil chomhaimseartha".

Beidh athrú dá leithéid ríthábhachtach chun cur ar chumas na hOllscoile a misean maidir le hoideachas a chur ar mhic léinn le bheith ina smaointeoirí criticiúla cruthaitheacha, neamhspleácha, a bhfuil acmhainn acu don obair foirne agus don cheannaireacht a chur i gcrích. Cuirfidh spás foghlama as an nua idirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht chun cinn mar aon le bealaí smaointeoireachta nuálaíocha, agus deiseanna don chruthaitheacht dhigiteach agus don fhiontraíocht.

Céard a d'fhéadfadh foirgneamh Leabharlainne atá athraithe ó bhonn a chur ar fáil?

- Timpeallacht foghlama spreagúil i gcroílár an champais
- Feabhas ar rannpháirtíocht na mac léinn, ar choinneáil na mac léinn agus ar fheidhmíocht na mac léinn
- Feabhas ar thaithí na mac léinn i ngach disciplín
- Áit mhealltach agus chompordach don phobal agus d'idirghníomhaíocht leis an gcampas ar fad
- Feabhas ar iomaíochas na hOllscoile chun foireann agus mic léinn a mhealladh
- Tuilleadh rannpháirtíochta le cuairteoirí agus deiseanna breise miondíola

Léiríonn na hathruithe ar an bhfoirgneamh reatha an méid is féidir a bhaint amach. Ar na samplaí tá na seomraí grúpstaidéir a cruthaíodh chun go bhféadfadh mic léinn comhoibriú le chéile agus an spás nua sóisialta san fhorhalla nua. Nuair a osclaíodh Cúinne na Cruthaitheachta ardteicneolaíochta músclaíodh maidhm cruthaitheachta i measc na foirne agus na mac léinn. Léiríonn an rath atá ar Áras Taighde Uí Argadáin béal dorais conas comhoibriú a chur chun cinn, bailiúcháin nua a mhealladh agus taispeántais shuimiúla a reáchtáil. Féadfaidh foirgneamh Leabharlainne nua difríocht ollmhór a dhéanamh don Ollscoil.

Cruthófar áit ar leith do rannpháirtíocht acadúil trí na nithe seo a leanas:

Plean Athraitheach Foirgnimh a fhorbairt

Dearbhaíonn an staidéar a choimisiúnaigh Grúpa Oibre na hOllscoile do chur i bhfeidhm an Chláir Caipitil gur féidir athrú a chur i gcrích. Oibreoidh an Leabharlann leis an Ollscoil chun an maoiniú agus an cur i bhfeidhm a phleanáil de réir a chéile. Rachaimid i gcomhairle lenár bpobail chun spásanna nuálaíocha agus spreagúla a chruthú.

An tEolas atá againn ar Thosaíochtaí an Úsáideora a fheabhsú

Bunóidh Foireann Oibríochta na Leabharlainne meicníochtaí chun treo na hoideolaíochta agus an taighde amach anseo a rianú ionas gur féidir eolas a bhailiú a chabhróidh le cuspóir an spáis a athrú amach anseo. Bainfear úsáid as modheolaíochtaí UX (eispéireas an úsáideora) chun scrúdú rialta a dhéanamh ar iompraíocht na n-úsáideoirí.

Rannpháirtíocht Chomhoibríoch an Úsáideora le Taispeántais a fhorbairt

Rachaidh an Leabharlann i gcomhar le rannóga eile chun clár a chur le chéile do thaispeántais agus d'ócáidí fisiciúla agus fíorúla, eagraithe ag mic léinn, ag lucht acadúil agus ag taighdeoirí. Bainfidh sé seo an úsáid is fearr as an spás san aitriam in Áras Taighde Uí Argadáin, feidhmeoidh sé mar shuíomh do thurasóirí, agus spreagfaidh sé eolas a scaipeadh agus a chruthú. Tríd an gclár taispeántas, beifear in ann taispeántais a roinnt le dreamanna eile agus beidh dreamanna eile in ann taispeántais a roinnt linne.

> "Is áit thábhachtach don rannpháirtíocht acadúil ar an gcampas é foirgneamh na Leabharlainne, áit a dtagann milliún duine isteach trí na doirse gach bliain"

Rochtain a chur ar fáil ar Bhailiúcháin Iontacha agus Ábhartha

An Fhís do 2020

Cuireann an Leabharlann bailiúcháin luachmhara ar fáil i réimse formáidí, chun go mbeidh ar do chumas cur le do chuid eolais agus eolas nua a chruthú. Tá teacht agat ar na hacmhainní faisnéise a theastaíonn uait le haghaidh do chuid staidéir, teagaisc nó taighde, gan stró nuair a theastaíonn siad uait, in áit ar bith. Tá ár gcuid bailiúchán, cartlanna den scoth ina measc, leabaithe i gcláir acadúla agus i ngníomhaíochtaí taighde na hOllscoile.

Cruthaímid agus caomhnaímid bailiúchán don lá inniu agus don todhchaí, ag déanamh cúram ar leith dár n-oidhreacht chlóite uathúil agus ag an am céanna ag baint barrúsáide as na ríomhbhailiúcháin chun teacht ar fhaisnéis as áit ar bith ag am ar bith chun an úsáid is fearr a bhaint as spás fisiciúil. Tá bailiúcháin, ar pháipéar agus ar líne, inrochtana, éasca le fáil agus curtha i láthair ar bhealach tarraingteach chun tacú le cuardach agus le fionnachtain.



AN CLÁR OIBRE

Insíonn bailiúcháin na Leabharlainne, atá forbartha le 170 bliain anuas, scéal na hOllscoile agus léiríonn siad láidreachtaí taighde agus teagaisc in imeacht na mblianta. Feidhmíonn an t-eolas atá iontu mar spreagadh do shamhlaíocht agus d'fhiosracht ár gcuid mac léinn agus atá ina bhonn do léann agus do thaighde ár gcomhaltaí foirne. Is foinse bróid agus buntáiste iomaíoch don Ollscoil iad.

Tá domhan na cumarsáide léannta athraithe ó bhonn leis an mborradh a tháinig faoin bhfoilsitheoireacht ar líne agus rochtana oscailte. Tá athrú tagtha chomh maith céanna ar riachtanais agus ar roghanna mhic léinn agus chomhaltaí foirne OÉ Gaillimh, agus táthar ag súil anois le rochtain gan stró ar ábhar i bhformáidí nua. Léiríonn straitéis bailiúcháin na Leabharlainne na hathruithe seo agus cinnteofar rochtain ar acmhainní léinn ábhartha agus ar ardchaighdeán.

Déanfaimid tréaniarracht a bheith feasach go hiomlán ar riachtanais acmhainne faisnéise an teagaisc, na foghlama agus an taighde reatha, agus ár mbailiúcháin a fhorbairt dá réir. Forbraíonn an Ollscoil a cláir chun freastal ar riachtanais sochaí, chultúrtha agus eacnamaíocha agus cumasóimid na cláir seo trí fhorbairt réamhghníomhach bailiúcháin faoi stiúir na Leabharlainne. De réir mar a thagann bealaí nua foghlama chun cinn agus mar a mhéadaíonn cláir sholúbtha agus foghlama cumaiscthe, tiocfaidh athrú dá réir ar fhormáidí agus ar mheicníochtaí chun teacht ar na bailiúcháin, a chinnteoidh fionnachtain agus rochtain gan stró ar ábhar.



Cuirfear feabhas ar an rochtain atá ar bhailiúcháin ábhartha agus ar ardchaighdeán trí na nithe seo a leanas:

Fionnachtain agus Rochtain a fheabhsú

Cuirfimid ardán teicneolaíochta den scoth i bhfeidhm a chuirfidh go mór le haimsiú ár mbailiúchán ar fad, ag comhtháthú cartlann, acmhainní foilsithe agus ábhar digitithe. Cuirfidh an t-ardán go mór leis an eispéireas a bhaineann le hidirghníomhú le hábhar léinn agus léireoidh sé fairsinge iomlán ár mbailiúchán.

Éascóidh an teicneolaíocht chéanna sreafa oibre níos éifeachtúla, rud a thabharfaidh deis d'fhoireann na Leabharlainne díriú ar fhorbairt na mbailiúchán agus ar luach nua a chur leo. Cuirfidh anailísíochtaí atá feabhsaithe go mór sonraí riachtanacha ar fáil maidir le rannpháirtíocht le hacmhainní na Leabharlainne chun tacú le pleanáil acadúil agus le forbairt na mbailiúchán.

Comhtháthú le Foghlaim na Mac Léinn

Leanfaidh an Leabharlann ar aghaidh mar cheannaire náisiúnta chun freastal ar riachtanais léitheoireachta cúrsaí. Athróimid an t-eispéireas foghlama ó bhonn trí rochtain gan stró a thabhairt do mhic léinn ó Blackboard go dtí an t-ábhar a theastaíonn uathu dá gcuid staidéir.

Comhoibreoimid leis an bhfoireann acadúil le cinntiú go bhfuil rochtain ag mic léinn ar an ábhar is reatha agus is ábhartha i bhformáidí cuí chun a gcuid foghlama a chumasú. Cuirfimid ár gcuid bailiúchán chun cinn le cinntiú go bhfuil ár dtaisce d'ábhar léinn leabaithe inár gcláir acadúla.

Léiriú ar an Léann Reatha agus an Léann a bheidh ar siúl amach anseo

Tabharfaimid aghaidh ar riachtanais athraitheacha taighdeoirí trínár mbailiúcháin a fhorbairt agus a leasú, cartlanna san áireamh, agus muid ag tógáil ar ár láidreachtaí d'fhonn ábharthacht i leith taighde léinn leanúnach a léiriú. Léireoimid na tosaíochtaí taighde reatha trí bhailiúchán fianaise-bhunaithe a fhorbairt agus trí chomhoibriú leanúnach a dhéanamh le leabharlanna eile trí chuibhreannas IReL. Ní dhéanfaimid dearmad ar ár bhfreagrachtaí i leith scoláirí na todhchaí. Cinnteoimid go gcaomhnóimid ár n-oidhreacht uathúil chlóite agus chartlainne agus glacfaimid páirt i dtionscnaimh a bhaineann le caomhnú ábhair ar líne.

Nascacht trí Chomhpháirtíocht, Cumarsáid agus Pobal

An Fhís do 2020

Tá tú mar chuid de chomhrá spriocdhírithe agus leanúnach, atá do do choinneáil ar an eolas faoi sheirbhísí na Leabharlainne agus atá ag cabhrú linn lena chinntiú go ndéantar freastal ar do chuid riachtanas. Tá an Leabharlann leabaithe i do chuid gníomhaíochtaí, ar fáil duit i gcónaí le comhoibriú leat mar chomhpháirtí dílis.

Agus tú ag úsáid na Leabharlainne i dtóraíocht an léinn, go haonair nó i gcomhar le daoine eile, mothaíonn tú go bhfuil tú mar chuid de phobal léannta agus éagsúil go cultúrtha. Féadfaidh tú freastal ar thaispeántas nó ar léacht sa Leabharlann, do chuid oibre féin a roinnt nó a chur ar taispeáint. Tá ceangal láidir ag an Leabharlann leis an bpobal áitiúil trína cuid bailiúchán oidhreachta agus a naisc le heagraíochtaí cultúrtha. Táimid an-bhródúil tacú le ról na hOllscoile i leith na Gaeilge trí bhailiúcháin agus seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge.

Téama athfhillteach i bplean straitéiseach na hOllscoile do 2015-2020 is ea an rannpháirtíocht phoiblí. Suite i gcroílár an champais, is cinnte gur pobal do chuile dhuine san Ollscoil í an Leabharlann. Cothaímid comhpháirtíochtaí le daoine eile ar an gcampas agus lasmuigh de, cuirimid fáilte roimh chuairteoirí chuig ár dtaispeántais ar an láthair nó ar líne trí bhailiúcháin dhigiteacha agus rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta.

Tá na spriocanna atá leagtha amach i gcáipéis físe 2020 na Leabharlainne ag teacht go dlúth le plean straitéiseach na hOllscoile. Beidh baint amach na spriocanna seo ag brath ar chomh maith is a éiríonn linn modhanna nua cumarsáide agus straitéisí margaíochta a fhorbairt a mheallfaidh ár bpobail. Bainfidh Foireann Margaíochta agus Rannpháirtíochta na Leabharlainne úsáid as cuir chuigí éagsúla, teagmháil duine le duine go háirithe, chun tuiscint iomlán a fháil ar an áit ina sníonn an Leabharlann isteach i saol a cuid úsáideoirí, reatha agus poitéinseal, i ngach disciplín agus catagóir.

Trí eolas a bheith agat ar an méid atá ar siúl ag an Leabharlann chun léann a shaibhriú agus chun eispéireas úsáideoirí a fheabhsú, sábhálfaidh tú am ort féin agus beidh féidearthachtaí nua amach romhat. Tá níos mó modhanna cumarsáide anois ná mar a bhí riamh cheana, ach bíonn sé deacair scaití aird daoine a tharraingt mar sin déanfaimid cinnte go mbeidh ár gcuid teachtaireachtaí an-soiléir. Tá cumarsáid déthreo riachtanach agus déanfaimid iarracht do pheirspictíocht a thuiscint. Cabhróidh sé linn a bheith ar an eolas faoi céard a theastaíonn uait chun an Leabharlann a fhorbairt, ag cinntiú go mbeidh gach rud dírithe ar an úsáideoir tríd síos.



Cuirfear nascacht trí chomhpháirtíocht, cumarsáid agus pobal chun cinn trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Cumarsáid ar bhealach éifeachtach

Déanfaimid iarracht ar dtús tuiscint a fháil, agus ansin go dtuigfear muid, agus muid ag aithint an gá atá le dialóg, éisteacht agus frithpháirteachas. Beidh ár straitéis chumarsáide solúbtha, agus bainfidh sí leas iomlán as na meáin shóisialta agus beidh béim i gcónaí ar an teagmháil phearsanta atá ina dlúthchuid dár dtraidisiún. Beidh béim ar leith ar a chinntiú go mbainfear an leas is fearr is féidir as gach rud atá ar tairiscint sa Leabharlann.

Oibriú i gComhpháirtíocht

Glacfaidh an Leabharlann gach deis chun comhpháirtíochtaí a chruthú agus a fhorbairt chun freastal acadúil agus cultúrtha na hOllscoile a chur chun cinn agus a leathnú. Agus é seo ar siúl, tógfaimid ar chomhoibrithe atá thar a bheith rathúil. Ar an gcampas mar shampla de chomhoibriú bhí comhchruthú taispeántas spreagúla le comhaltaí foirne acadúla. Go seachtrach, de bharr na comhpháirtíochta atá againn le hamharclann náisiúnta na hÉireann cruthaíodh Cartlann uathúil Dhigiteach Amharclann na Mainistreach.

Pobail Sheachtracha a mhealladh

Oibrímid go dlúth le pobail sheachtracha ar go leor bealaí. Cuimseoidh sé seo fáilte a chur rompu chuig ócáidí a bhíonn ar siúl againn, a gcartlanna a bhainistiú agus a chur chun cinn, páirt a ghlacadh i dtionscnaimh idirchaidrimh le scoileanna agus baint a bheith againn le clár oibre idirnáisiúnaithe na hOllscoile.

Idirghníomhaíocht a chur chun cinn

Feidhmeoidh an Leabharlann mar éascaitheoir idirghníomhaíochta agus rannpháirtíochta. Leanfaimid orainn ag tabhairt isteach teicneolaíochtaí nua agus spásanna chun deiseanna a leathnú do mhic léinn i ngach disciplín do thaithí agus d'fhoghlaim phraiticiúil. Beidh spásanna cosúil le Cúinne na Cruthaitheachta lárnach chuige seo agus cuirfimid ar chumas na mac léinn a gcuid saothar acadúil a roinnt le pobal na hOllscoile agus níos faide ó bhaile.

Céimithe a fhorbairt a Smaoiníonn go Criticiúil agus a bhfuil Scileanna Acadúla Fadsaoil acu

An Fhís do 2020

Trí pháirt a ghlacadh i gclár scileanna na Leabharlainne, tá tú cumasaithe le bheith i d'fhoghlaimeoir fadsaoil. Éiríonn go maith leat trí do chroíscileanna acadúla a fhorbairt mar shampla smaointeoireacht chriticiúil, scileanna staidéir, scileanna faisnéise, scríbhneoireacht acadúil agus inniúlachtaí digiteacha. Cabhraíonn na scileanna seo leat chun barr do chumais a bhaint amach le linn do chuid staidéir, d'infhostaitheacht a fheabhsú agus tú a ullmhú do thaighde breise.

Tá áiseanna den scoth sa Leabharlann do sheisiúin teagaisc duine le duine, mar aon le sraith modúl foghlama ar líne a chabhraíonn leo.

AN CLÁR OIBRE

Fadhb ollmhór anois is ea rólódáil faisnéise mar gheall ar an bhfás as cuimse atá tagtha ar chumarsáid léinn fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil. Dúshlán ar leith é do bhealach a dhéanamh tríd an bhfaisnéis dhigiteach seo, agus is minic a mbíonn deacrachtaí iontaofacht foinsí a dhearbhú. Bíonn formáidí go leor ar fáil, páipéar agus digiteach, lena n-áirítear ábhar clóite, cartlanna, tacair shonraí agus taifid físe. Scileanna ríthábhachtacha táirgiúlachta is ea aimsiú, úsáid agus bainistiú faisnéise san ollscoil agus le linn do ghairme araon, ach chomh maith mar scil don saol i sochaí atá ag brath ar eolas.

I bplean straitéiseach na hOllscoile, aithnítear an gá atá le céimithe oilte. Tosaíocht é seo don Leabharlann chomh maith, agus cuirfidh ár bhFoireann Taighde agus Foghlama clár scileanna faisnéise éagsúil agus spreagúil ar fáil. Cuimseoidh sé seo leathnú ar an méid atá ar fáil cheana féin chun scileanna a áireamh i réimsí cosúil le foilsitheoireacht rochtana oscailte, bainistíocht ceart digiteach, taighde bunaithe ar shonraí agus teicnící córasacha athbhreithnithe.

Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí i ngach disciplín agus i ngach timpeallacht foghlama cur lena gcuid fiosrúchán agus a bheith níos muiníní, níos dírithe agus níos féintreoraithe. Cuirfidh clár scileanna na Leabharlainne tuilleadh le tiomantas na hOllscoile do mhic léinn nua agus iad ag aistriú isteach go dtí an ollscoil agus le linn a ndul chun cinn acadúil go dtí leibhéal PhD agus an leibhéal sin san áireamh, áit a bhfuil modúl struchtúrtha bunaithe cheana féin agus atá le forbairt tuilleadh. Beidh tábhacht ag baint le comhoibriú agus comhpháirtíocht le réimse páirtithe leasmhara d'fhonn na cláir acadúla a thairgimid a ailíniú.

Tiocfaidh cothromaíocht nua idir seachadadh ar líne agus duine le duine chun cinn bunaithe ar dhialóg agus ar thaithí; beidh teacht air ag gach céim den dul chun cinn acadúil agus beidh sé ceangailte le scileanna scríbhneoireachta agus le scileanna eile. Déanfaidh na hacmhainní oiliúna ar líne atá againn fairsinge agus rochtain a uasmhéadú, ach beidh seisiúin teagaisc duine le duine ar siúl chomh maith ag leibhéal tosaigh agus ag ardleibhéal agus ar feadh na bliana, de réir mar is gá. Cibé cén fhormáid atá i gceist, beidh forbairt scileanna cruthaitheach, úsáidfear cuir chuigí éagsúla, ina measc treoracha ar líne, teicnící malartaithe foghlama agus na meáin shóisialta.

Cuirfear feabhas ar fhorbairt céimithe a smaoiníonn go criticiúil agus a bhfuil scileanna acadúla fadsaoil acu:

Clár Ilchineálach Scileanna Acadúla á thairiscint

Tiocfaidh athrú ar an gclúdach de réir riachtanas agus forbairtí i bhfoilsitheoireacht agus i gcumarsáid faisnéise léannta. Cur chun cinn an fhiosrúcháin agus na smaointeoireachta criticiúla a thiomáinfidh an clár agus i measc na n-ábhar beidh faisnéis a rochtain, a anailísiú agus a mheas agus tagairtí a dhéanamh ar mhaithe le sláine acadúil, agus leabú litearthachtaí digiteacha. Beidh tuiscint ag rannpháirtithe ar cheisteanna cultúrtha, eiticiúla, eacnamaíocha, dlíthiúla agus sóisialta a bhaineann le húsáid faisnéise.

Rochtain Sholúbtha ar Oiliúint agus ar Chomhairle

Cuirfear an clár scileanna acadúla ar fáil ar líne agus ar an láthair ag brath ar éileamh. Cuirfidh an cur chuige cumaiscthe seo rogha ar fáil agus a mhéid rochtana agus is féidir. Beidh teacht ar ábhair oiliúna ar líne aon uair agus aon áit is gá, agus beidh seisiúin duine le duine ar fáil de réir mar is cuí mar aon le rochtain ar chomhairle ar bhonn buail isteach. Beidh obair láidir foirne ina sainghné ag ár gcur chuige maidir le ceisteanna a fhreagairt d'fhonn freagraí chomh cruinn agus is féidir a chur ar fáil chomh sciobtha agus is féidir.

Comhpháirtíocht le hIliomad Páirtithe Leasmhara

Oibrímid go dlúth leis an bhfoireann acadúil, an tIonad Sárchaighdeáin Foghlama agus Teagaisc agus gach soláthróir oiliúna de scileanna acadúla, mar aon le gach duine a ghlacann páirt sna gnéithe éagsúla dár gclár. Beidh sé mar aidhm againn na forbairtí i gcláir acadúla, oideolaíocht agus scileanna acadúla comhlántacha a thabhairt le chéile.

> "I bplean straitéiseach na hOllscoile, aithnítear an gá atá le céimithe oilte"

Foilsiú Ardtionchair d'Ábhar Taighde, Sonraí agus Digiteach

An Fhís do 2020

Cuireann seirbhísí foilsitheoireachta na Leabharlainne go mór le tionchar do chuid taighde. Áiríonn siad seo comhairle, oiliúint agus infreastruchtúr do rochtain oscailte, foilsitheoireacht tráchtála agus bainistíocht ar chearta. Bíonn maoinitheoirí ag iarraidh go gcuirfear do chuid sonraí taighde ar fáil ar bhonn rochtana oscailte agus go mbeidh siad caomhnaithe do thaighdeoirí eile le fáil agus le hathúsáid. Déanann an Leabharlann sonraí taighde a stóráil agus a thuairisciú ar mhaithe le fionnachtain éasca agus nascacht chuig agus ó do chuid foilseachán. Tarraingímid aird ar an méid a fhoilsíonn tú.

Is í an Leabharlann do chomhpháirtí sa léann digiteach agus sa ríomhthaighde. Gineann ár gclár digitithe ábhar nua digiteach agus meiteashonraí a bhfuil an acmhainn acu do thaighde, fionnachtain nua agus láithreoireacht nó úsáid nuálach. Oibrímid chun cur ar chumas scoláirí uirlisí nua a úsáid chun ábhar digiteach a ath-léirmhíniú, a anailísiú, a léiriú agus a athúsáid, lena n-áirítear cartlanna agus tacair shonraí, téacs agus ilmheán, curtha ar fáil go háitiúil agus go domhanda mar chuid de phobal idirnáisiúnta leabharlainne digití.

AN CLÁR OIBRE

Tá tuiscint níos mó ar chruthaitheacht agus ar chultúr mar sheifteanna cumhachtacha d'fhorbairt phearsanta agus sochaí araon. Tá siad ina gceann feadhna d'fhás eacnamaíoch agus tá siad i gcroílár an iomaíochais 'domhanda-áitiúil' i sochaí an eolais. Is ionann iad agus croí na háite agus tá siad lárnach do bhrandáil na Gaillimhe.

Feicimid deis don Leabharlann agus don Ollscoil le tionscnaimh dhigiteacha a thógann ar na buntáistí ar leith atá againn. Áiríonn siad seo comhlogaíocht bailiúchán agus institiúidí taighde in Áras Taighde Uí Argadáin agus sainiúlacht ár gcartlann agus ár mbailiúchán speisialta i nGaeilge, i mBéarla agus i dteangacha eile. Tá deis comhpháirtíochta ann leis an ardchaighdeán agus an éagsúlacht a bhaineann leis na daoine eile ar an gcampas sna daonnachtaí digiteacha, na heolaíochtaí sóisialta agus anailísíocht sonraí.

Le blianta beaga anuas, tá leabharlanna ina bhfoilsitheoirí mar gheall ar dhigitiú agus ar rochtain oscailte. Tiocfaidh borradh faoi seo de réir mar a oibríonn an Fhoireann Foilsitheoireachta Digití agus Nuálaíochta go dlúth le taighdeoirí chun bailiúcháin dhigiteacha a chruthú do thaighde agus d'fhoghlaim nuálaíoch agus chun rochtain a mhéadú ar fhoilseacháin Ollscoile. Oibreoidh an Fhoireann i gcomhar le daoine eile i mbainistíocht sonraí taighde agus i bhforbairt infreastruchtúr ríthábhachtach cosúil le córais caomhnúcháin, aitheantóirí, spásanna oibre, polasaithe agus sruthanna maoiniúcháin.

Cruthóidh clár nuálach, ardtionchair de thionscadail dhigiteacha, a threisíonn ár mbailiúcháin uathúla agus a oibríonn le comhpháirtithe áitiúla agus seachtracha, bealaí nua i dtreo na tuisceana. Chomh maith leis sin trí idirghníomhú agus comhoibriú leis an úsáideoir, agus trí bheith sna meáin dhomhanda, spreagfar turasóireacht chultúrtha agus an geilleagar cruthaitheach.

Cuirfear foilsiú ardtionchair ar thaighde, ar shonraí agus ar ábhar digiteach chun cinn trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Ionad don Léann Digiteach a bhunú

Trí léirmhíniú léannta a thabhairt le chéile le nuálaíochtaí sa teicneolaíocht, beidh Ionad Léinn Dhigitigh, forbartha i gcomhar le páirtithe eile, mar áit chun eolas comhoibríoch a chruthú agus chun léargais nua a thabhairt chun cinn. Cuirfidh spás leis na hacmhainní cuí ar chumas a úsáideoirí na scileanna agus an t-eolas riachtanach a shealbhú chun cur le hábhar digiteach agus teicneolaíocht ar mhaithe leis an léann.

Bailiúcháin Dhigiteacha a fhoilsiú

Is cuid lárnach den infreastruchtúr digiteach é Stór na mBailiúchán Digiteach. Cuireann sé saoráidí cuardaigh, caomhnúcháin agus rochtana ar fáil agus beidh réimse bailiúchán de chartlanna digiteacha lonnaithe ann chomh maith. Ceadaíonn ailtireacht an stóir feidhmchláir a thógáil a chuireann lenár n-ábhair gan é a dhúbláil.

Rochtain Oscailte a chur chun cinn

Aithnítear go gcabhraíonn an fhoilsitheoireacht rochtana oscailte le lucht léitheoireachta níos leithne, tagairtí níos mó agus tionchar idirnáisiúnta. Déanfaidh stór ARAN na Leabharlainne agus córais ghaolmhara rochtain oscailte ar aschur taighde OÉ Gaillimh a mhéadú. I measc na réimsí atá le forbairt tá airdemhéadair, úsáid aitheantóirí domhanda d'údair, páipéir agus sonraí agus coinneáil sonraí taighde atá riachtanach d'athbhreithniú piaraí, d'atáirgeadh torthaí agus nuair is cuí, d'athúsáid.

> "Le blianta beaga anuas, tá leabharlanna ina bhfoilsitheoirí mar gheall ar dhigitiú agus ar rochtain oscailte"

Sainfhoireann atá Oilte chun Cabhrú ar an Láthair nó ar Líne a chinntiú

An Fhís do 2020

I ngach cás casfar comhalta foirne eolasach, oilte ort a thabharfaidh aird ar do chuid riachtanas. Tá cabhair ar fáil go héasca duine le duine nó ar líne trí réimse bealaí ag brath ar do riachtanais agus ar do thosaíochtaí. Tá gach comhalta foirne de chuid na Leabharlainne bródúil as seirbhís chúirtéiseach agus éifeachtúil a chur ar fáil duit, ag cinntiú go mbeidh an t-eispéireas chomh dearfach céanna duit ar an gcampas agus lasmuigh de. Baineann siad úsáid as a gcuid buanna agus a dtaithí chun déileáil le do cheisteanna, chun tú a chur i dtreo na bhfoinsí eolais is fearr, chun am a shábháil duit agus chun cinntiú go n-éireoidh leat. Tugtar tacaíocht agus spreagadh do chomhaltaí foirne na Leabharlainne chun a gcuid scileanna a fhorbairt go leanúnach d'fhonn freastal ar do riachtanais athraitheacha.

AN CLÁR OIBRE

Tá réimse fachtóirí i gceist chun go n-éireoidh leis an gclár oibre go dtí 2020, agus níl ceann ar bith díobh sin níos tábhachtaí ná obair chomhaltaí foirne uile na Leabharlainne. Bhí baint ollmhór ag gach duine ar an bhfoireann le forbairt físe don Leabharlann in 2020 agus chun clár oibre a chur le chéile d'fhonn an fhís sin a bhaint amach. Rinneadh athruithe tábhachtacha, le tacaíocht láidir na foirne chun róil agus buíonta a ailíniú leis an méid a theastaíonn a dhéanamh. Oibreoidh cúig bhuíon a bheidh dírithe ar an úsáideoir le chéile ar an aistear i dtreo 2020:

Oibríochtaí, dírithe ar spás agus foireann na Leabharlainne a ailíniú le riachtanais agus le caighdeáin a bhaineann le timpeallacht nua-aimseartha foghlama agus taighde

Bailiúcháin, cur chuige comhtháite a chinntiú i leith saoráidí faisnéise a bhainistiú, a fhorbairt agus a dhéanamh inrochtana i ngach formáid

Margaíocht agus Rannpháirtíocht, cumarsáid déthreo a bhaint amach chun tú a chur ar an eolas faoin Leabharlann agus le tuiscint a fháil ar an méid atá uait

Taighde agus Foghlaim, dul i gcomhpháirtíocht leis an bpobal acadúil chun taighde a chumasú agus chun scileanna a fhorbairt a thiocfaidh faoi bhláth i dtírdhreach athraitheach faisnéise

Foilsitheoireacht Dhigiteach agus Nuálaíocht, foilseacháin agus sonraí de chuid na hOllscoile a thabhairt ar fud an domhain agus bailiúcháin dhigiteacha a chruthú ar mhaithe le taighde nuálaíoch

Sainfhoireann atá oilte chun cabhrú ar an láthair nó ar líne a chinntiú, cuirfear é seo chun cinn trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Infheistíocht i bhForbairt Scileanna

Cuirfimid forbairt sainscileanna chun cinn ar leibhéal aonair agus foirne, ag aithint riachtanas agus deiseanna cumasúcháin - foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, ar líne agus duine le duine, ar an gcampas agus lasmuigh de. Spreagfar soghluaisteacht comhaltaí i measc na mbuíonta, mar aon le rannpháirtíocht idirnáisiúnta.

Daoine Nua Cumasacha a mhealladh

Teastaíonn buanna agus taithí nua ó réimsí nua rannpháirtíochta, uaireanta is gá dul lasmuigh den Ollscoil chun a leithéid a fháil. Tá sé mar aidhm a bheith ar ais ag an ngnáthleibhéal sa ghníomhaíocht earcaíochta sna blianta amach romhainn. Cuirfimid fáilte roimh an deis comhcheangal le foireann leabharlainne Choláiste Ósta na Sionna agus Choláiste San Aingeal, Sligeach.

Ag Saothrú ár Luachanna

Tá suim ar leith againn ardchaighdeán faisnéise agus seirbhíse a chur ar fáil.
Tá iomláine agus gairmiúlacht mar bhonn agus barr gach rud a dhéanaimid.
Táimid fáilteach agus tuisceanach.
Éistimid lenár n-úsáideoirí agus cuirimid do chuid riachtanas i gcroílár na pleanála seirbhíse.
Cuirimid béim mhór ar obair bhuíne, comhoibriú agus comhpháirtíocht ionas gur féidir linn níos mó a fhoghlaim agus a bhaint amach.
Táimid meáite thú a chumasú chun do mhianta a bhaint amach nó a shárú.
Táimid nuálach, glacaimid le hathruithe agus táimid sásta dul i bhfiontar.
Déanaimid éagsúlacht na foirne agus na n-úsáideoirí a cheiliúradh.

> "Tá gach comhalta foirne de chuid na Leabharlainne bródúil as seirbhís chúirtéiseach agus éifeachtúil a chur ar fáil duit, ag cinntiú go mbeidh an t-eispéireas chomh dearfach céanna duit ar an gcampas agus lasmuigh de"

Ag cur Beart le Briathar

Is iad na daoine an acmhainn is tábhachtaí dá bhfuil againn d'fhonn ár gcuid spriocanna a bhaint amach do 2020 ach tá tábhacht ag baint le gnéithe eile chomh maith. Ina measc siúd tá athghiniúint de réir a chéile ar fhoirgneamh Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, leathnú ar spás stórála do chartlanna agus cumhacht bhreise cheannaigh le freastal ar iarratais nua ar na hacmhainní faisnéise agus na buiséid teicneolaíochta. Dúshlán ar leith chun maoiniú a chur ar fáil do réimsí deiseanna atá ag teacht chun cinn go tréan cosúil le digitiú agus cláir thaispeántais. Tuigimid go mbaineann an campas ar fad tairbhe as aon infheistíocht a dhéantar sa Leabharlann, agus oibreoimid leis an Ollscoil chun na hacmhainní cuí a fháil ionas gur féidir linn na huaillmhianta roinnte atá againn a bhaint amach.

Chun tuilleadh eolais a fháil, agus chun súil a choinneáil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh againn i dtreo 2020, déan teagmháil le:

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Leabharlann Shéamais Uí Argadáin
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Gaillimh, Éire
+353 91 493712 library@nuigalway.ie nuiglibrary @nuiglibrary www.library.nuigalway.ie